

## Aighneacht Gaeloideachas chuig an gComhchoiste Oideachais faoi Ghéarchéim an tSoláthar Mhúinteoirí san Earnáil Lán-Ghaeilge

Feabhra 2018

### Ról Gaeloideachas

Is eagraíocht náisiúnta ionadaíochta ar na bunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta í Gaeloideachas. Fáiltíonn sí roimh an deis aighneacht a chur roimh an Chomhchoiste ar an gceist fíor-thábhachtach seo faoi sholáthar mhúinteoirí lán-aimseartha agus ionadaíochta san earnáil lán-Ghaeilge, agus d'fháilteodh an eagraíocht roimh an deis teacht os chomhair an Chomhchoiste le é a phlé ag leibhéal níos cuimsithí.

### Comhthéacs

Tá géarchéim san earnáil lán-Ghaeilge ó thaobh soláthar mhúinteoirí iomchuí le blianta fada a eascraíonn as ganntanas mhúinteoirí ag an dá leibhéal a bhfuil an cumas cuí teanga acu le múineadh i scoil lán-Ghaeilge. Baineann an fhadhb le heaspa inniúlachta sa teanga anuas ar easpa sainoiliúna ar an gcóras oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Níl ach céatadán íseal mhúinteoirí ag roghnú múineadh i scoil lán-Ghaeilge nó Gaeltachta, agus astu siúd atá á roghnú, is minic nach mbíonn an leibhéal cuí acu sa teanga atá ag teastáil don suíomh lán-Ghaeilge ná Gaeltachta.

### Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Tríd an córas athiomlonnaithe mhúinteoirí, tá deis ag múinteoirí toilteanas a léiriú bheith ag múineadh i scoil lán-Ghaeilge nó Gaeltachta trí tic a chur i mbosca ar an bhfoirm iarratais. Is amhlaidh nach bhfuil céatadán ard mhúinteoirí ag léiriú toilteanais, agus astu siúd atá, níl aon mheicníocht ann chun cumas an mhúinteora sa Ghaeilge a mheas, seachas i bhfoirm agallaimh. Tá go leor cúiseanna nach bhfuil múinteoirí ag roghnú an córais oideachais lán-Ghaeilge, ar a n-áirítear:-

1. Gan réamhoiliúint chuí acu faoin gcóras
2. Gan na bunscoileanna cuí teanga chuige.
3. Sna scoileanna beaga Gaeltachta go mbíonn brú ollmhór ar mhúinteoirí ranganna ilghráid a theagasc anuas ar an dúshlán a bhaineann leis an ilghnéitheacht teanga atá i ngach rang.
4. An dua breise a bhaineann le bheith ag múineadh i scoil lán-Ghaeilge.

Bhíodh aitheantas á thabhairt do mhúinteoirí as an dua breise a bhaineann le múineadh i scoil lán-Ghaeilge trí liúntais do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a bhronnadh mar chúiteamh air. Ach ó fuarthas réidh leis an liúntas, laghdaíodh an mealladh chun na hearnála.

Le tamall anuas, tá an ghéarchéim soláthair ag géarú sna scoileanna meán-Ghaeilge. I measc na gcúiseanna, áirítear:-

1. Níl líon múinteoirí leordhóthanach ann don teagasc trí mheán na Gaeilge;
2. Easpa comhionannais pá do mhúinteoirí nua;
3. Cúrsa ceithre bliana a bheith ró-fhada agus ró-chostasach.
4. Gan cúrsaí oideachas tosaigh múinteoirí ann ag leibhéal na mbunmhúinteoirí a ullmhaíonn don chóras lán-Ghaeilge nó Gaeltachta iad.
5. Deiseanna fostaíochta níos mealltaí in earnálacha agus i dtíortha eile.
6. Sna ceantair Ghaeltachta, tá ceist na hionadaíochta níos géire fós óir níl fonn ar mhúinteoirí tabhairt faoin teagasc ilghráid.
7. Sna scoileanna oileánda, tá sé dodhéanta múinteoirí ionadaíochta a fháil leis an taisteal a dhéanamh, ar fhógra gearr, agus ar a gcuid costais féin.

Le dul i ngleic leis na dúshlán, moltar:-

1. Scoláireachtaí a bheith ar fáil mar chúiteamh ar na táillí arda.
2. Painéal d'ionadaithe áitiúla, le meicníocht mar chuid de a thugann léiriú ar chumas Gaeilge na n-iarrthóirí.
3. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, a chuireann ar mhúinteoirí uasciliú a dhéanamh agus tabhairt faoi scéimeanna treisithe agus sealbhaithe teanga.
4. Toisc na líontar ach cuid an bheag den 10% d'aiteanna i gcoláistí oiliúna le daltaí Gaeltachta, moltar go mbeadh daltaí ó Ghaelcholáistí/aonaid sa tír a dhéanann an ardteist trí Ghaeilge a chur san áireamh faoi na critéir iontrála sin freisin, mar ata molta sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.
5. Na liúntas don teagasc trí Ghaeilge, sa Ghaeltacht agus ar oileán a thabhairt ar ais mar chúiteamh beag ar an dua breise.

## Iar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, tá dúshlán leanúnach ann múinteoirí a earcú leis an gcáilíocht chúí san ábhar agus an cumas cuí sa Ghaeilge, go háirithe sna hábhair eolaíochta, mata, eacnamaíocht bhaile, tíreolas agus teangacha iasachta. Níl ach soláthreoir amháin ann a chuireann oiliúint mhúinteoirí ar fail trí Ghaeilge (MGO i nGaillimh), rud a chuireann srian leis an méid mhúinteoirí a bheidh ar fáil fud fad na tíre le teagasc trí Ghaeilge. Tá líon na n-iarrthóirí chuig an chúrsa sin ag titim leis de bharr costas an chúrsa.

Le dul i ngleic leis na dúshlán, moltar:-

1. Soláthreoirí eile sa tír chun go mbeidh rogha ag daoine dul ann agus gan a bheith teoranta do chathair amháin.
2. Scoláireachtaí a bheith ar fáil mar chúiteamh ar na táillí arda.
3. Painéal d'ionadaithe áitiúla, le meicníocht mar chuid de a thugann léiriú ar chumas Gaeilge na n-iarrthóirí agus go mbeadh tosaíocht ag na scoileanna Gaeltachta / lán-Ghaeilge in earcú múinteoirí ag an dara leibhéal roimh na scoileanna T2.

4. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, a chuireann ar mhúinteoirí uassciliú a dhéanamh agus tabhairt faoi scéimeanna treisithe agus sealbhaithe teanga.
5. Forbairt Ghairmiúil a bheith ar fáil san Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga.
6. Na liúntas don teagasc trí Ghaeilge, sa Ghaeltacht agus ar oileán a thabhairt ar ais mar chúiteamh beag ar an dua breise.
  
7. De bharr an dua a bhaineann le cúrsa an MGO do scoláirí atá faoi oiliúint agus na dúshlán a bhíonn rompu agus nach mbíonn faoin dream a thugann faoi trí mheán an Bhéarla, bheadh liúntas oiliúna an-tairbhiúil dóibh i mbliain 2 den chúrsa MGO.

## Guth na Scoileanna

Thug Gaeloideachas faoi shuirbhé le déanaí ar staid reatha na géarchéime sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. D'fhreagair 120 scoil, tuairim is trian den iomlán.

Tuairiscíodh go bhfuil an ghéarchéim ag dul in olcas agus ag luas mór. Tá na scoileanna ag streachailt le ganntanas múinteoirí lán-aimseartha agus ionadaíochta.

I measc na ndúshlán is mó a luadh, áirítear:-

1. Gur ganntanas leanúnach atá ann anois, ní díreach ag tréimhsí ar leith sa scoilbhliain.
2. I 64% de na scoileanna, is múinteoirí neamhcháilithe atá á n-earcú.
3. Bíonn ar 85% de scoileanna múinteoirí tacaíochta foghlama a chur sna seomraí ranga, rud a fhágann páistí le riachtanais bhreise gan tacaíocht.
4. Tá múinteoirí neamhcháilithe agus cáilithe á n-earcú gan leibhéal cuí sa Ghaeilge le bheith ag teagasc páistí sa suíomh lán-Ghaeilge. Cuireann sé seo an clár teagaisc as riocht agus tá impleachtaí móra ann don teanga sa scoil.
5. Tá gearradh siar iomlán ar imeachtaí seachchuraclam agus tá impleachtaí don feitheoireacht sa chlós nó ag aon am nach bhfuil múinteoir ar fáil.

## Moltaí agus Conclúid

Is ríleir go bhfuil cúiseanna suntasacha imní ann san aiseolas a thug na scoileanna agus sa bhfianaise atá ar fáil go forleathan agus ar bhonn náisiúnta.

Ní mór réiteach córasach a aimsiú ar an bhfadhb, ag tosú leis an soláthar oiliúint tosaigh mhúinteoirí; an soláthar d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus an easpa córais nó meicníocht atá ann le leibhéal teanga mhúinteoirí ionchasacha a mheas go neamhspleách agus sa bhreis ar an gcáilíocht le bheith i do mhúinteoir bunscoile nó iarbhunscoile.

Leis an t-infreastruchtúr tacaíochta cuí ann, bheadh tóir níos mó ar na poist san earnáil, agus stádas níos airde ag baint leo dá réir. Is féidir glacadh leis gur san earnáil lán-Ghaeilge is mó a bhfuil na múinteoirí leis an spéis agus an cumas is fearr sa teanga agus go bhfuil buntáiste teangeolaíoch ar leith ag páistí na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Dá réir, tá sé thar am breathnú go fuarchúiseach ar na cúiseanna nach bhfuil córas ceart tacaíochta ann ag leibhéal na Roinne Oideachais agus Scileanna chun tacú le fás agus bunú scoileanna lán-Ghaeilge ag an dá leibhéal.

**Feabhra 2018**